


Treoir don Chlárú Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

2025-26



Conas clárú

Fáilte go treoir na Clárlainne Acadúla don chlárú mar mhac léinn.

Ní mór do mhic léinn clárúchán a dhéanamh ar líne gach bliain de do chúrsa. Tá sé seo riachtanach chun gur féidir leat clárú i ranganna agus chun taifead gníomhach a choinneáil mar mhac léinn i gColáiste na Tríonóide.

Míneoidh an treoir seo gach céim den phróiseas clárúcháin.



Céim a hAon: Sonraí Pearsanta



Céim a Dó: Sonraí Teagmhála



Céim a Trí: Sonraí Pearsanta Eile



Céim a Ceathair: Sonraí Teagmhála Éigeandála



Céim a Cúig: Cúrsa



Céim a Sé: Suirbhé Cothroime Rochtana



Céim a Seacht: Airgeadas




Céim a hOcht: Téarmaí agus Coinníollacha

Logáil isteach i my.tcd.ie

Téigh go dtí my.tcd.ie.

Logálann mic léinn reatha isteach leis an ainm úsáideora atá acu leis an gcoláiste agus a bpasfhocal.



Logálann mic léinn nua isteach lena **n-ainm úsáideora iarratasóra agus a bpasfhocal**. Seolfar na sonraí seo chuig an seoladh ríomhphoist a d'úsáid tú le haghaidh d'iarratais ar Choláiste na Tríonóide.

Tar éis duit logáil isteach leis an gcéad phasfhocal a thugtar duit, iarrfar ort é a athrú.

Cuimhnigh gurb é an pasfhocal nuashonraithe seo an pasfhocal do my.tcd.ie amháin.



Nuair a bheidh tú logáilte isteach, feicfidh tú do chuireadh chun cláraithe (sampla thíos).


Ní mór duit glacadh le tairiscint chun staidéar a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide le cuireadh chun cláraithe a fháil.

Gheobhaidh mic léinn ar leanúint ríomhphost á dtreorú chun an in-tray i my.tcd.ie a sheiceáil le haghaidh a gcuiridh chun cláraithe.

Beidh do chuireadh chun cláraithe le feiceáil i do theachtaireachtaí in-tray. Cuirfidh an teachtaireacht seo in iúl duit go bhfuil an cluaisín "Register" anois gníomhach.


Chun tús a chur leis an gclárú, cliceáil ar an gcluaisín "Register" a thaispeántar thíos.

Má theastaíonn cabhair uait, cliceáil ar an gcnaipe Ask AR <u>chun do cheist a chur chuig an gClárlann Acadúil.</u>



Tús a chur le Clárúchán

Taispeánann an leathanach seo liosta na dtascanna clárúcháin atá le cur i gcrích. Cuimhnigh go gcaithfear gach céim chlárúcháin a chur i gcrích.



Nuair a bhíonn tascanna críochnaithe i gceart, feicfidh tú tic glas. 🚺



Beidh X dearg ag aibhsiú tascanna nach bhfuil críochnaithe. 🔀



Agus tú ag dul tríd an bpróiseas clárúcháin, beidh codanna éigeantacha marcáilte le réiltín (*). Bí cinnte go líonann tú na codanna seo i gceart.

Ní chaithfidh tú an clárúchán ar líne a déanamh in aon bhabhta amháin. Is féidir leat tasc amháin nó cúpla tasc a dhéanamh, dul amach as agus filleadh níos déanaí chun leanúint ar aghaidh.

Ní bheidh tú cláraithe go dtí go mbeidh gach tasc curtha i gcrích i gceart

Beidh ar mhic léinn i gcúrsaí áirithe Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh sula dtosaíonn siad ar an gclárú. Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh go dtí an leathanach atá againn maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Céim a hAon: Sonraí Pearsanta

Taispeánann an scáileán thíos do shonraí pearsanta.

Maidir le mic léinn nua, tógtar an t-eolas seo ó d'iarratas.

Maidir le mic léinn reatha, taispeánann an scáileán seo eolas ó do thaifead mac léinn reatha.

Má tá na sonraí seo ceart, cliceáil ar "Continue" chun dul ar aghaidh.

Má tá an t-eolas seo mícheart, is féidir leat iarratas a logáil chun an t-eolas a nuashonrú trí chliceáil ar an gcnaipe Ask AR.

Trinity College Dublin Online Registration				
Name	New Student	Course	Economics and Social Sciences	
Student ID	12345678			
If you require any assistance, please refer to the Registration guide and video tutorial . In the event that you require further assistance please use the ASK AR option to log your query with the Academic Registry.				
If any of your persor	nal details are incorrect please contact	the Academic Reg	istry after completing registration, using the <u>change of personal details form</u>	
Personal Details				
	Student Number	12345678		
	Family Name	Student		
	Forename(s)	New		
	Full Offical Name	New Student (t	this is how your name will appear on official documents)	
	Date of Birth	03 March 2003		
	Gender	Х		
	Nationality	×		
	•			
If you have any difficulty completing this task, please log your question with the Academic Registry using Ask AR				
Exit Continue>>				

Céim a Dó: Sonraí Teagmhála

Taispeánann an scáileán thíos do shonraí teagmhála. Beidh ort do **sheoladh baile buan agus do sheoladh don téarma a dheimhniú**.


Trí chliceáil ar an gcnaipe "Edit" is féidir leat an t-eolas a chur in eagar.

Is éard atá i gceist le "Term address" ná an áit a mbeidh tú i do chónaí don bhliain acadúil. Is féidir leat do sheoladh baile a chóipeáil isteach sna boscaí don seoladh don téarma trí chliceáil ar "Copy home address to term address tab".

Mura bhfuil lóistín aimsithe agat fós, cuir do sheoladh baile isteach sna boscaí don seoladh don téarma. Is féidir na sonraí seo a athrú ag níos déanaí.

Ní mór duit ar a laghad uimhir theagmhála amháin a chur ar fáil.

Nuair a bheidh do sheoladh deimhnithe agat, cliceáil ar "Continue" chun dul ar aghaidh.




Céim a Trí: Sonraí Pearsanta Eile

Taispeánann an scáileán thíos do shonraí pearsanta eile.

Bíodh a fhios agat go bhfuil an t-eolas a chuirtear isteach anseo faoi dhianrún.

Nuair a bheidh an t-eolas go léir a theastaíonn curtha isteach agat, cliceáil "Continue".




Céim a Ceathair: Sonraí Teagmhála Éigeandála

Taispeánann an scáileán thíos do shonraí teagmhála éigeandála.

Anseo tá an rogha agat Príomhtheagmhálaí Éigeandála a chruthú/ a athrú(**tá sé seo riachtanach**), agus Teagmhálaí Éigeandála tánaisteach a chruthú (**tá sé seo roghnach**).

Chun an t-eolas seo a chur isteach, cliceáil ar "Create/Edit".

Nuair a bheidh an t-eolas seo deimhnithe agat, cliceáil ar "Continue".



Céim a Cúig: Cúrsa

Taispeánann an scáileán thíos sonraí do chúrsa.

Má tá do chuid sonraí go léir ceart, cuir tic le "Yes". Ansin brúigh "Continue".

Má tá earráid i sonraí an chúrsa, seol teachtaireacht chuig an gClárlann Acadúil tríd an gcnaipe Ask AR.

Nuair a bheidh an fhadhb leis an gcúrsa réitithe, bainfear an bac "Wait for Registry" ón bpríomhleathanach clárúcháin agus beidh tú in ann leanúint ar aghaidh leis an gclárú.

Trinity College Dublin Online Registration				
Name	New Student	Course Economics and Social Sciences		
Student ID	12345678			
If you require any assistance, please refer to the Registration guide and video tutorial . In the event that you require further assistance please use the ASK AR option to log your query with the Academic Registry.				
Course Details				
Please check and co	mplete your details.			
	Course Group	Undergraduate		
	Course Type	Bachelor		
Course	Title (Course code)	Economic and Social Studies (UBBE-BESS-2F)		
Route / Pat	thway (Route code)	Business Economics and Social Studies (UBBEBESS-2SF)		
N	Mode of Attendance	Full-Time		
Course	Duration (in years)	4		
	Study	1		
Are the abo	ve details correct?*	Yes		
		○ No		
Fields marked with an asterisk (*) are mandatory and must be completed before you can proceed.				
If you have any difficulty completing this task, please log your question with the Academic Registry using Ask AR				
		Exit Continue>>		

Céim a Sé: Suirbhé Cothroime Rochtana

Ní bheidh an Suirbhé Cothroime Rochtana le feiceáil ach amháin do **mhic léinn ábhartha sa chéad bhliain d'fhochéim**. Mura dtaispeántar an suirbhé seo le linn an chlárúcháin, is féidir leat leanúint ar aghaidh leis an gclárú.

Cad é an Suirbhé Cothroime Rochtana?

Is sraith bhliantúil, dheonach ceisteanna é an Suirbhé Cothroime Rochtana a chuirtear ar gach mac léinn nua fochéime in institiúidí atá maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA). Tá mic léinn nua mar chuid de seo, ach ní hiadsan amháin. Cuirtear na ceisteanna mar chuid den phróiseas clárúcháin ag tús na bliana acadúla.

Cé a dhéanann an Suirbhé Cothroime Rochtana?

Déanann d'institiúid féin an Suirbhé Cothroime Rochtana agus seoltar na sonraí ón suirbhé chuig an HEA chun anailís a dhéanamh.

Cén fáth a ndéantar an suirbhé?

Leis an eolas a fhaightear ón Suirbhé Cothroime Rochtana, is féidir leis an HEA dul chun cinn a mheas i leith spriocanna náisiúnta maidir le cothromas rochtana ar an ardoideachas, agus is féidir leo bonn fianaise a fhorbairt chun feabhas a chur ar bheartas sa réimse seo.

Cén t-eolas a bhailítear?

Chun cuidiú le sprioc na cothroime rochtana ar an ardoideachas do chách a chur chun cinn, bailítear eolas ar mhíchumas, eitneacht (baill den Lucht Siúil agus pobal Roma san áireamh), stádas mar thuismitheoir aonair, agus am taistil na mac léinn chuig an ardoideachas.

An bhfuil sé éigeantach an suirbhé a chomhlánú?

Cé go moltar do gach mac léinn an Suirbhé Cothroime Rochtana a chomhlánú, **níl sé éigeantach**. Cabhróidh freagraí ar cheisteanna an tsuirbhé le tuiscint níos fearr a fhorbairt ar mhic léinn agus ar a gcuid riachtanas. D'fhéadfadh easpa freagraí tionchar a imirt ar leithdháileadh maoiniú institiúideach.

SIs féidir le mic léinn nach mian leo an suirbhé seo a líonadh dul isteach i gcluaisín an tsuirbhé agus cliceáil ar "Continue" chun an chéim a chur i gcrích.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le <u>access@hea.ie</u>.

Equal Access Survey			
Please complete the questions below.			
Equal Access Survey data is collected from Higher Education Authorities (HEIs), for providing anonymised statistical information to funding bodies such as the HEA in order to assess and ensure appropriate funding is allocated to institutions to enable equal access to higher education. Completion of this survey directly influences the allocation of funding to Trinity. The provision of personal data in this section is optional and, by completing these fields, you explicitly consent to the use of this data for the purposes outlined. You have the right to withdraw your consent at any time. Detailed information on the personal and statistical data provided to the Higher Education Authority can be found in their <u>detailed privacy notice</u> .			
1. STUDENTS WITH A DISABILITY			
Do you have any of the following long-lasting con	ditions? Please select Yes or No as appropriate.		
Blindness, deafness or a severe	○ Yes		
vision or hearing impairment	○ No		
A condition that substantially limits	○ Yes		
one or more basic physical activities such as walking, climbing stairs, reaching, lifting or carrying	○ No		
A condition that substantially limits	○ Yes		
one or more basic physical activities such as walking, climbing stairs, reaching, lifting or carrying	○ No		
A specific learning difficulty (eg.	Yes		
dyslexia)	○ No		
A psychological or emotional	Yes		
condition (includes a mental health difficulty)	○ No		
unicatey			
A psychological or emotional	Yes		
condition (includes a mental health difficulty)	○ No		
Other, including any chronic illness	Yes		
	○ No		
If you answered 'Yes' to any of the conditions specified above, do you	○ Yes		
require additional educational support(s)?	○ No		
2. SOCIO-ECONOMIC BACKGROUND			
Do you have any of the following long-lasting con	ditions? Please select Yes or No as appropriate.		
Are you a Parent?	○ Yes		
	○ No		
3. ETHNIC/CULTURAL BACKGROUND			
What is your ethnic or cultural background?	Please select		
background:			
Personal data on Ethnic/Cultural Background is collected to provide information on Equal Access data to the Higher Education Authority and to Diversity & Inclusion and Equality in Trinity for reporting purposes only. There is no obligation to provide personal data in this category and by opting to provide data relating to your Ethnic/Cultural Background you explicitly consent to the use of this data for the purposes outlined. You have the right to withdraw your consent at any time – by contacting academic.registry@tcd.ie or via the AR Service Desk			
4. HOME OR TERM			
Do you live or intend to live in the	○ Yes		
family home during term-time?	○ No		
Fields marked with an asterisk (*) are mandatory and must be completed before you can proceed.			
If you have any difficulty completing this tool.	ease log your question with the Academic Registry using Ask AR		
If you have any difficulty completing this task, please log your question with the Academic Registry using ASK AR			
	Exit		

Céim a Seacht: Airgeadas

Is sa chéim Airgeadas a dheimhníonn tú agus a íocann tú do tháillí.


Tá céimeanna ar leith do mhic léinn éagsúla, a mhíneofar thíos.

Do Tháillí a Mheas

Is í an chéad chéim ná suirbhé Thionscnamh na dTáillí Saor in Aisce (FFI) a líonadh.


Is uirlis tacaíochta ó Rialtas na hÉireann é Tionscnamh na dTáillí Saor in Aisce a íocann na táillí teagaisc thar ceann mac léinn lena n-ollscoil. **Ní thaispeánfar** an suirbhé seo ach amháin do mhic léinn fochéime AE atá incháilithe.


Nuair a bheidh an suirbhé curtha i gcrích agat, cliceáil ar "Continue".



Ag brath ar na freagraí a thugann tú agus an t-eolas i d'iarratas CAO, féadfar sochar Thionscnamh na dTáillí Saor in Aisce a chur i bhfeidhm ar do tháillí.

Feicfidh tú ceann amháin den dá theachtaireacht thíos a dheimhneoidh go bhfuil tú incháilithe nó nach bhfuil tú incháilithe do Thionscnamh na dTáillí Saor in Aisce.





Nuair a bheidh an teachtaireacht seo léite agat, cliceáil "Continue".


Miondealú Táillí – Mic Léinn AE

Tabharfar chuig an scáileán "Fee Details" thú ansin. Taispeánfaidh sé seo miondealú do tháillí.

Cuimhnigh: nuashonróidh aon eolas nó modh íocaíochta a úsáideann tú chun do tháillí a íoc na táillí ar an scáileán.


Feicfidh mic léinn AE atá incháilithe do Thionscnamh na dTáillí Saor in Aisce an scáileán thíos. Cuirtear sochar Thionscnamh na dTáillí Saor in Aisce san áireamh.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar <u>leathanach gréasáin airgeadas na mac</u> léinn.



Feicfidh mic léinn AE nach bhfuil incháilithe do Thionscnamh na dTáillí Saor in Aisce an scáileán thíos.


Má d'fhreagair tú ceist sa suirbhé go mícheart, tá an rogha agat dul siar agus an suirbhé a chur isteach arís trí chliceáil ar "Re-submit FFI questionnaire."



Miondealú Táillí – Mic Léinn Idirnáisiúnta

Taispeántar miondealú táillí do mhic léinn idirnáisiúnta thíos.

Cuimhnigh: nuashonróidh aon eolas nó modh íocaíochta a úsáideann tú chun do tháillí a íoc na táillí ar an scáileán.




Miondealú Táillí – Mic Léinn Iarchéime

Feicfidh mic léinn iarchéime miondealú a dtáillí thíos.

Cuimhnigh go bhfuil **difríochtaí sna táillí teagaisc** idir <u>mic léinn AE agus Nea-mh-AE.</u>

Cuimhnigh: nuashonróidh aon eolas nó modh íocaíochta a úsáideann tú chun do tháillí a íoc na táillí ar an scáileán.




Íoc do Tháillí - Cuir Deontas SUSI

Agus do tháillí á n-íoc agat, is féidir leat do dheontas SUSI a chur le do bhille.


Sa rannán Rogha Íocaíochta nó Maoinithe, roghnaigh "Add SUSI Grant". Taispeánfar an scáileán thíos duit. Iarrfar ort do shonraí iarratais do SUSI agus do ráta maoinithe a chur isteach.

Nuair a bheidh na sonraí seo deimhnithe agat, cliceáil ar "Continue".




Taispeánfaidh an chéad scáileán eile sonraí do dheontais ó SUSI. Má tá siad ceart, cliceáil ar "Continue".

Má tá sonraí do dheontais ó SUSI mícheart, déan teagmháil leis an <u>gClárlann</u> <u>Acadúil</u> leis an líne ábhair 'FAO Grants and Loan Officer (SUSI)' agus ceangail an cháipéisíocht ábhartha.



Má tá na sonraí seo ceart, cliceáil ar "Exit".

Nuashonrófar do tháillí chun do Dheontas SUSI a léiriú agus is féidir leat leanúint ar aghaidh chuig d'íocaíocht.




Íoc do Tháillí - Cuir Deontas SFNI leis

Tá an rogha ag mic léinn as Tuaisceart Éireann a ndeontas SFNI a chur lena mbille.


Sa rannán Rogha Íocaíochta nó Maoinithe, roghnaigh "Add SFNI Grant". Taispeánfar an scáileán thíos duit. Iarrfar ort sonraí d'iarratais SFNI agus do ráta maoinithe a chur isteach.

Nuair a bheidh na sonraí seo deimhnithe agat, cliceáil ar "Continue".




Taispeánfaidh an chéad scáileán eile sonraí do dheontais SFNI. Má tá siad ceart, cliceáil ar "Continue".

Má tá na sonraí SFNI mícheart, déan teagmháil leis an <u>gClárlann Acadúil</u> leis an líne ábhair 'FAO Grants and Loan Officer (SFNI)' agus ceangail an cháipéisíocht ábhartha.



Má tá na sonraí seo ceart, cliceáil ar "Exit".

Nuashonrófar do tháillí chun do Dheontas SFNI a léiriú agus is féidir leat leanúint ar aghaidh chuig d'íocaíocht.



Sonraí Táillí – Cuir Fostóir leis an mBille


Má tá do tháillí á n-íoc ag d'fhostóir, tá an rogha agat iad a chur leis an mbille.

Sa rannán Rogha Íocaíochta nó Maoinithe, roghnaigh "Add Employer to Bill".

Sa chéad rannán eile iarrfar ort sonraí d'fhostóra a chur isteach. Nuair a bheidh siad curtha isteach agat, cliceáil ar "Update".

Employer Details				
Use this section to add name/address of your employer paying for your course fees.				
Pink fields are mandatory. After the employer details record is created, you can download a 'employer version' of your tuition bill as a PDF file or send it directly to your employer's email address from the main bill page.				
It is important to note, that although you have added your employer's details to your bill, to enable your employer to generate payment to Trinity College Dublin, you as a student, will remain liable for all fees until these are paid in full.				
Company Name*				
Address Line 1*				
Address Line 2				
Address Line 3				
Eircode / Postcode				
PO (Purchase Order) No				
Click on Update to save employer details or click on Cancel to return to your bill without storing any changes.				
	Cancel Update			

Má tá aon cheann de na sonraí mícheart, is féidir leat filleadh ar "Select Payment or Funding Option" agus cliceáil ar "Update/Remove Employer from Bill".



Déanfar an bille amach do d'fhostóra (sampla ar an gcéad leathanach eile).

Nuair a bheidh d'fhostóir tar éis na táillí a íoc, is féidir leat leanúint ar aghaidh go céim dheireanach an chlárúcháin. Trinity College Dublin, The University of Dublin College Green Dublin 2 Ireland



INVOICE

Bill To: Payable by Employer to TCD on Behalf of Student

Student Company Name

College Green Trinity College

Dublin D02 PN40

Invoice Number: E24377444/1-2024/25-001

PO Number: 12345678

VAT Reg: IE 2200007U

Student ID: 24377444

Academic Year: 2025/26

Invoice Date: 22/Aug/2025

Course fees for academic year 2025/26

Your fee details are provisional and are subject to change based on the information provided when you complete online registration.


Course Name	Fee Type	Qty	Due Date	Fee Amount (€)	Total (€)
Economic and Social Studies	Student Levies and Charges	1	01/Sep/2025	202.75	202.75
Economic and Social Studies	Tuition	1	01/Sep/2025	2,681.00	2,681.00
				Totals (€)	2,883.75
Daymant Tarma				Payments made	0.00
Payment Terms			Bal	ance brought forward	0.00
Payin one instalment 2,883.75 by September			(If there	Fees Due by Student is a minus (-) symbol e amount, this means	2,883.75
			you	ur account is in credit)	

Íoc do Tháillí


Tá trí rogha ag mic léinn chun táillí a íoc: is féidir "Pay in full", "Pay in two instalments" nó "Pay in three instalments" a roghnú.

Nuashonróidh an rogha a dhéanann tú an mhiondealú táillí dá réir.

Má roghnaíonn tú "Pay in full" taispeánfar an tsuim iomlán atá le híoc agat chun clárú.



Má roghnaíonn tú "Pay in two instalments" nó "Pay in three instalments" taispeánfar an tsuim atá le híoc agat, taobh leis na spriocdhátaí do na tráthchodanna eile a bheidh le híoc agat.



Má roghnaíonn tú "Pay in two instalments", íocann tú 50% ag am an chlárúcháin agus 50% faoi **31 Eanáir 2026**.

Má roghnaíonn tú "Pay in three instalments" íocann tú 50% ag am an chlárúcháin, 25% eile faoi **31 Eanáir 2026**, agus an 25% deireanach faoi **28 Feabhra 2026**.

Iarrfar ort ansin an rogha íocaíochta nó maoinithe is fearr leat a roghnú.


Íoc do Tháillí – Íocaíocht Ar Líne

Má roghnaíonn tú "Online Payment" tabharfar chuig an scáileán thíos thú.

Roghnaigh "Pay" chun an tsuim iomlán ar do bhille a íoc.

Is féidir leat méid eile a roghnú trí chliceáil ar "Update Amount to Pay Now" agus an méid a chur isteach.

Nuair a bheidh méid na híocaíochta leasaithe agat, cliceáil ar "Pay".



Cuir isteach sonraí teagmhála shealbhóir an chárta ar an gcéad scáileán eile.

Ansin cliceáil "Íoc Anois".

Student on-line fee payment

Please fill in the cardholder's contact and address details below.

Trinity College Dublin is required to collect this information at the point of payment in order to comply with EU regulations around secure card payments and to protect our students and Trinity College Dublin from risk of fraud. The data is immediately passed via a secure channel to Global payments, our payments provider, and is not retained on Trinity College's systems.

Please avoid using any special characters such as (+_&^\%#:;"\) in your address as this may prevent your payment being accepted.

If you enter any incorrect data, you can clear and re-enter the correct details.


* Indicates a required field

Email Address*	
Country Dialling Code (e.g. 353 for Ireland, 44 for UK)*	
Mobile number *	
Address Line 1 *	
Address Line 2 (optional)	
Address Line 3 (optional)	
City *	
Postcode / Eircode (IRL) / Zip Code (USA) *	
Country *	Please Select


Pay Now

Chun an íocaíocht a dhéanamh, tabharfar chuig córas íocaíochta Realex thú, a bheidh cosúil leis an scáileáin thíos. Cuir isteach sonraí do chárta.

Má tá tú ag íoc le cárta dochair, cuimhnigh ar aon teorainn laethúil chaiteachais. B'fhéidir go mbeidh ort roinnt idirbheart a dhéanamh thar roinnt laethanta.




Nuair a éiríonn leis an íocaíocht, feicfidh tú an scáileán thíos. Cliceáil ar "Download Receipt" chun cóip a íoslódáil chuig do ríomhaire agus seolfar cóip chuig do sheoladh ríomhphoist.



Cuimhnigh: níl an clárúchán críochnaithe nuair atá an íocaíocht déanta. Caithfidh tú cliceáil ar "Continue" chun dul ar aghaidh.


Íoc do Tháillí – Íoc trí EFT

Má roghnaíonn tú íoc trí EFT tabharfar thú go dtí an scáileán thíos agus iarrfar ort íoc in Euro nó i d'airgeadra áitiúil.



Má roghnaíonn tú Euro, taispeánfar sonraí chun d'aistriú a dhéanamh trí do bhanc pearsanta lasmuigh de shuíomh my.tcd.ie.


Úsáid d'uimhir mhic léinn mar thagairt leis an EFT, ionas gur féidir leis an bhfoireann an íocaíocht a aithint. Mura ndéanann tú sin, d'fhéadfadh moill a bheith ar phróiseáil na híocaíochta.



Féadfaidh sé suas le **10 lá oibre a thógáil** chun íocaíochtaí EFT a léiriú ar do chuntas.

Nuair a fhaigheann tú deimhniú íocaíochta agus go bhfeiceann tú an iarmhéid nuashonraithe, cliceáil ar "Continue".

Cuimhnigh: níl an clárúchán críochnaithe nuair atá an íocaíocht déanta. Caithfidh tú cliceáil ar "Continue" chun dul ar aghaidh.




Má chinneann tú íoc i d'airgeadra áitiúil, tabharfar thú go dtí an scáileán thíos.


Cliceáil ar an gcnaipe "Transfermate" chun dul chuig suíomh Transfermate.

Anseo is féidir leat do mhodh íocaíochta a roghnú. Bí cinnte do shonraí mic léinn a chur isteach.

Tógann aistrithe thart ar lá amháin oibre de ghnáth.



Nuair a éiríonn leis an íocaíocht, feicfidh tú an scáileán thíos. Cliceáil ar "Download Receipt" chun cóip a íoslódáil chuig do ríomhaire agus seolfar cóip chuig do sheoladh ríomhphoist.



Cuimhnigh: níl an clárúchán críochnaithe nuair atá an íocaíocht déanta. Caithfidh tú cliceáil ar "Continue" chun dul ar aghaidh.

Airgeadas - Foinsí Maoinithe Eile

Ag brath ar do stádas mar mhac léinn, b'fhéidir go mbeidh tú i dteideal maoiniú breise.


Tá roinnt tacaíochtaí airgeadais ar fáil. Féach ar leathanach airgeadas na <u>mac</u> <u>léinn chun iad a fheiceáil.</u>

Airgeadas - Táillí Íoctha

Ní chríochnaíonn an chéim airgeadais go huathoibríoch le híocaíocht na dtáillí.

Nuair a bhíonn deimhniú íocaíochta agat, téigh ar ais go my.tcd.ie chun an tasc a chur i gcrích.

Feiceann tú ar scáileán sonraí na dtáillí nach bhfuil aon rud fágtha le híoc. Nu-air a fheiceann tú sin, cliceáil ar "Continue".




Tabharfar chuig an scáileán thíos thú a dheimhníonn go bhfuil an chéim airgeadais críochnaithe agat.

Cliceáil ar "Exit" chun an chéim dheireanach a chríochnú.



Céim a hOcht: Téarmaí agus Coinníollacha

Nuair a bheidh na téarmaí agus na coinníollacha léite agat, cliceáil ar "Agree to terms and conditions", ansin cliceáil ar "Continue".




Deimhniú Clárúcháin

Má tá gach tasc clárúcháin curtha i gcrích agat go rathúil, ba cheart go bhfeicfidh tú teachtaireacht deimhnithe ag léiriú go bhfuil na céimeanna ar fad déanta.

Nuair a fhaigheann tú an deimhniú seo, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chárta aitheantais mac léinn Choláiste na Tríonóide (TCard).

Féach ar ár leathanach do Chártaí Aitheantais le haghaidh tuilleadh eolais.




Litir Chlárúcháin

Nuair a bheidh an clárú ar líne curtha i gcrích agat, gheobhaidh tú teachtaireacht in-tray i my.tcd.ie ag deimhniú do chlárúcháin.

Is féidir leat Cruthúnas ar Chlárúchán a phriontáil nó a athphriontáil anseo.


Register



Ainm Úsáideora agus Pasfhocal

Is féidir le mic léinn nua a gCuntas Ríomhaire le Coláiste na Tríonóide a thosú trí chliceáil ar an nasc sa bharra dearg, mar a thaispeántar sa sampla thíos.

Ná déan dearmad cliceáil ar "Agree to Terms and Conditions for Trinity Computer Account Users".



Gheobhaidh mic léinn nua teachtaireacht in-tray lena n-ainm úsáideora agus a bhpasfhocal dá gcuntas ollscoile.

Is féidir leat é seo a úsáid chun logáil isteach ar sheirbhísí éagsúla an Choláiste cosúil le do sheoladh ríomhphoist.

Cuimhnigh: ní hionann é seo agus an t-ainm úsáideora agus an pasfhocal a úsáideann tú chun logáil isteach i my.tcd.ie.my.tcd.ie.

